# 4 Bainistíocht riosca i gcás tuilte a chur in oiriúint do thionchair an athraithe aeráide

**4.1** Léirítear na treochtaí domhanda sna hathruithe aeráide atá feicthe in Éirinn. Áirítear le tionchair dhíreacha an athraithe aeráide ar Éirinn meánteochtaí ag dul i méid, athruithe ar phatrúin frasaíochta, ardú ar leibhéal na mara agus athruithe ar inathraitheacht agus adhaimsir stoirmeacha, tuilte, sitheadh farraige agus tulcaí.

**4.2** De bharr tionchair mhalla na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa roimhe seo agus san am i láthair, tá coinne leis go leanfaidh na hathruithe sin ar aghaidh agus ag méadú sna scórtha blianta amach romhainn, is cuma cé chomh maith a éireoidh leis na hiarrachtaí chun astaíochtaí a laghdú. Is léiriú atá sa mhéid sin ar an ngá chun dul in oiriúint don athrú aeráide, chomh maith lena iarmhairtí a mhaolú.

**4.3** Chomh fada siar leis an mbliain 1992, is i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) — ar chuir Éire a síniú leis — a leagadh amach an gealltanas chun cláir náisiúnta agus réigiúnacha a cheapadh, a chur chun feidhme, a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta ina bhfaighfí bearta leis

- an athrú aeráide a mhaolú, agus
- leis an oiriúnú don athrú aeráide a éascú.[1]

**4.4** De réir Airteagal 7 de Chomhaontú Pháras 2015, thug Éire gealltanas breise chun rannchuidiú leis an 'sprioc dhomhanda maidir le hoiriúnú'. Is éard is oiriúnú don athrú aeráide an próiseas chun dul i dtaithí ar athruithe a fheictear nó a bhfuil coinne leis a fheiceáil ar dhálaí aeráide agus ar a n-iarmhairtí, agus réimse leathan gníomhartha a mbeidh sé d'aidhm leo

- leochaileachtaí a laghdú,
- athléimneacht a fheabhsú, agus
- pobail agus éiceachórais a chosaint ar iarmhairtí diúltacha an athraithe aeráide.

**4.5** Tar éis formheas a fháil ón Rialtas i mí na Nollag 2017, foilsíodh an chéad *Chreat Náisiúnta um Oiriúnú* (an Creat) reachtúil, agus cuireadh faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais é i mí Eanáir 2018 (féach Fíor 4.1).[2]

**4.6** Foilsíodh *Creat Náisiúnta um Oiriúnú* nua i mí an Mheithimh 2024. Ní foláir pleananna earnála um oiriúnú nua agus/nó nuashonraithe a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Rialtais faoin 30 Meán Fómhair 2025.

1 Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, airteagal 4, mír 1(b).

2 De réir alt 5 den Acht um Gníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015 (an tAcht), ceanglaíodh ar an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide creat náisiúnta um oiriúnú don athrú aeráide a ullmhú, agus é a chur faoi bhráid an Rialtais lena fhormheas laistigh de 24 mí ó ritheadh an tAcht.

**Fíor 4.1 An phleanáil náisiúnta agus earnála um oiriúnú in Éirinn, 2015 go 2025[a]**

| | |
|---|---|
| 2015 | Foilsiú *Plean Earnála um Oiriúnú don Athrú Aeráide: Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte (2015 – 2019)*.<br>An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015 — foráil maidir le formheas ón Rialtas do chreat náisiúnta um oiriúnú agus plean náisiúnta um maolú, agus bunú na Comhairle Comhairlí um Athrú Aeráide. |
| 2017 | Foilsiú pleananna um oiriúnú le haghaidh earnálacha na talmhaíochta, na foraoiseachta, an iompair agus na líonraí leictreachais agus gáis. |
| 2018 | Foilsiú an chéad *Chreata Náisiúnta um Oiriúnú* de chuid na hÉireann. Iarratas ar airí pleananna earnála um oiriúnú a ullmhú agus a chur faoi bhráid tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair 2019. |
| 2019 | Formheas ón Rialtas do na pleananna earnála um oiriúnú. |
| 2021 | An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 — sainiú ar bhuiséid charbóin agus uasteorainneacha astaíochtaí earnála chun teacht in áit an phlean náisiúnta um maolú agus foráil a dhéanamh maidir le tuairisciú ag airí chuig comhchoiste an Oireachtais. |
| 2022 | Athbhreithniú ar an *gCreat Náisiúnta um Oiriúnú.* Thángthas ar an gconclúid go mba cheart Creat Náisiúnta don Oiriúnú atá go hiomlán nua a fhorbairt le hathraitheach reachtacha, taighde nua agus athruithe ar bheartas an Aontais Eorpaigh um oiriúnú ó 2018 a chur san áireamh. |
| 2024 | Foilsiú *Creata Náisiúnta um Oiriúnú* nua |
| 2025 | Foilsiú beartaithe pleananna earnála um oiriúnú nuashonraithe agus/nó nua, bunaithe ar na hearnálacha a aithnítear sa *Chreat Náisiúnta um Oiriúnú* nua (dáta dlite: 30 Meán Fómhair 2025). |

Foinse: *Creat Náisiúnta um Oiriúnú* (2018); An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide; Oifig na nOibreacha Poiblí

Nóta: a Áirítear le creat na hÉireann um oiriúnú straitéisí agus pleananna áitiúla um oiriúnú á bhforbairt ag údaráis áitiúla i dteannta pleananna earnála um oiriúnú. Ní léirítear sa ghraf seo an próiseas agus amlíne don phleanáil áitiúil um oiriúnú.

## Plean bainistíochta riosca i gcás tuilte

**4.7** Aithnítear sa Chreat 12 earnáil tosaíochta a raibh pleananna earnála um oiriúnú le hullmhú agus le cur faoi bhráid an Rialtais lena bhformheas (féach Iarscríbhinn 4A). Is í Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) an cheanneagraíocht don phlean earnála um oiriúnú le haghaidh bainistíocht riosca i gcás tuilte.

**4.8** Thug an Rialtas formheas do *Plean Earnála um Oiriúnú don Athrú Aeráide: Bainistíocht riosca i gCás Tuilte* i mí Dheireadh Fómhair 2019 i dteannta na bpleananna earnála eile um oiriúnú a ullmhaíodh faoin gCreat.[1, 2]

**4.9** Mar chuid den Phlean sainítear an sprioc fhadtéarmach 'pobail inbhuanaithe a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dár gcomhshaol trí bhainistíocht éifeachtach ar iarmhairtí féideartha an athraithe aeráide do thuilte agus riosca tuilte'.

## Ábhar an scrúdaithe seo

**4.10** Rinneadh an scrúdú seo le

- breithmheas a dhéanamh ar chomhlíontacht an Phlean leis na treoirlínte agus ceanglais ábhartha náisiúnta
- athbhreithniú a dhéanamh ar an struchtúr rialachais atá i bhfeidhm in Éirinn i réimse an oiriúnaithe don athrú aeráide, agus béim faoi leith á cur ar earnáil na bainistíochta riosca i gcás tuilte
- a shuíomh an cistiú agus na hacmhainní a cuireadh ar fáil chun tacú le cur chun feidhme an Phlean
- measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme an Phlean ó d'fhormheas an Rialtas i mí Dheireadh Fómhair 2019 é.

**4.11** Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar an doiciméadacht agus rinne obair allamuigh ar an láthair ag Oifig na nOibreacha Poiblí, agus agallaimh leis na baill foirne in Oifig na nOibreacha Poiblí agus sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (an Roinn).

## Comhlíonadh

**4.12** Is san Acht agus sa Chreat a leagtar amach na príomhcheanglais agus príomhchritéir i ndáil le hoiriúnú earnála in Éirinn. Liostaítear na ceanglais reachtúla den Acht i bhFíor 4.2.[3] Rinne an fhoireann imscrúdaithe measúnú ar an bPlean in aghaidh na gceanglas sin agus suíodh go raibh sé comhlíontach.

**4.13** Ina theannta sin, d'fhoilsigh an Roinn *Treoirlínte pleanála earnála don oiriúnú ar an athrú aeráide* i mí na Bealtaine 2018 chun cabhrú le comhlachtaí chun pleananna um oiriúnú earnála a fhorbairt faoin gCreat. Forbraíodh na treoirlínte ar dtús mar chuid de thionscadal taighde de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus múnlaíodh leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta iad.[4] Tá struchtúr curtha ar an bPlean ar bhealach a léirítear an próiseas agus na céimeanna a shainítear sna treoirlínte pleanála earnála.

1 Cuireadh na pleananna earnála uile um oiriúnú lena bhformheas i gcomh-mheabhrán faoi bhráid an Rialtais, arna gcur i láthair ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

2 D'fhorbair Oifig na nOibreacha Poiblí plean earnála um oiriúnú roimhe seo le haghaidh bainistíocht riosca i gcás tuilte ar bhonn neamh-reachtúil — *Plean Earnála um Oiriúnú don Athrú Aeráide: Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte (2015 – 2019)*, Samhain 2015. Le Plean 2019, tugtar an plean earnála um oiriúnú níos luaithe sin cothrom le dáta

3 Ní raibh an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 i bhfeidhm agus an Creat agus na pleananna earnála um oiriúnú á bhforbairt.

4 An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Research 258: *The Development of an Irish Climate Information Platform (ICIP) — Phase 3 (2015 – 2017)*. Is féidir teacht ar an tuarascáil iomlán anseo.

**Fíor 4.2 Príomhcheanglais reachtúla um pleanáil an oiriúnaithe earnála**

| An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015 |
|---|
| Plean um oiriúnú earnála a chur faoi bhráid an Rialtais faoin 30 Meán Fómhair 2019 |
| Dul i gcomhairle le hairí eile mar a shonraíonn an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide |
| Dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| Dul i gcomhairle leis an gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide |
| Comhairliúchán poiblí a reáchtáil faoin dréachtphlean um oiriúnú earnála |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Gníomhartha um oiriúnú don athrú aeráide

**4.14** Mar chuid den Phlean sainaithnítear 21 gníomh don sprioc oiriúnaithe agus do na cuspóirí a leagtar amach d’earnáil na bainistíochta riosca i gcás tuilte (féach Iarscríbhinn 4B). Is ar leibhéal na ngníomhartha aonair um oiriúnú a shuitear an fhreagracht as tabhairt faoi oiriúnú don athrú aeráide laistigh den earnáil — tá páirtí leasmhar amháin nó roinnt páirtithe leasmhara le sainaithint sa phlean le gach gníomh a chur chun feidhme.

**4.15** Sanntar freagracht do 15 eagraíocht agus grúpa páirtithe leasmhara san iomlán as an 21 gníomh oiriúnaithe a chur chun feidhme, mar a leagtar amach sa Phlean. Is í Oifig na nOibreacha Poiblí — ar leithligh nó i gcomhpháirt — atá freagrach as an líon gníomhartha is airde (féach Fíor 4.3).

**Fíor 4.3 Gníomhartha dá bhfuil páirtithe leasmhara aitheanta freagrach[a, b]**

| Gníomhaireachtaí | Ár n-eolas agus tuiscint a fheabhsú | | | | | | | | | Cleachtas a oiriúnú | | | | | | Oiriúnú earnála | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1.A | 1.B | 1.C | 1.D | 1.E | 1.F | 1.G | 1.H | 1.I | 2.A | 2.B | 2.C | 2.D | 2.E | 2.F | 3.A | 3.B | 3.C | 3.D | 3.E | 3.F |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | ● | ○ | ○ | | ● | ● | ○ | ○ | ● | ○ | ○ | | ● | ○ | ● | ● | ● | | | ● | |
| Údaráis áitiúla | ● | | | ● | ● | | | | | | | ○ | | | ● | | | ● | ● | ● | ● |
| Uisce Éireann | | | | ● | ● | ● | | | | | | | | | | | | ● | ● | | |
| RTRÁO | | | | | | | | | | | | | | | | ● | | | ● | ● | ● |
| Uiscebhealaí Éireann | | | | ● | ● | | | | | | | | | | | | | ● | | | |
| BSL | | | | ● | ● | | | | | | | | | | | | | ● | | | |
| Met Éireann | | | | | | ● | | | | | | | | | | | | | | ● | |
| EPA | ● | | | | | ● | | | | | | | | | | | | | | | |

● Freagrach i gcomhpháirt ○ Freagrach ar leithligh

Foinse: *Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte: Plean Earnála um Oiriúnú don Athrú Aeráide* (2019). Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Ní áirítear leis ach amháin na comhlachtaí atá freagrach as níos mó ná ceann amháin de na gníomhartha um oiriúnú a leagtar amach sa Phlean a chur chun feidhme. Féach Iarscríbhinn 4B le haghaidh comhlachtaí eile atá freagrach i gcomhpháirt.

b Acrainmneacha: RTRÁO = An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta; BSL = An Bord Soláthair Leictreachais; EPA = An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

### *Monatóireacht ar dhul chun cinn*

**4.16** Is í Oifig na nOibreacha Poiblí atá freagrach sa deireadh thiar as an bPlean a ullmhú agus a athbhreithniú chomh maith le monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta le cur chun feidhme na ngníomhartha um oiriúnú. Úsáideann Oifig na nOibreacha Poiblí rianaire le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na ngníomhartha a leagtar amach sa Phlean.

**4.17** Áirítear leis an rianaire an 21 gníomh oiriúnaithe uile, agus miondealaítear a thuilleadh iad ina bhfo-ghníomhartha a rannchuirfidh le dul chun cinn ar gach gníomh (féach Fíor 4.4). Sanntar dáta seachadta agus an stádas dul chun cinn seo a leanas d'fho-ghníomhartha: curtha i gcrích; de réir an sceidil; níos moille ná an sceideal.

**4.18** Féadfar fo-ghníomhartha nua a shainaithint agus a chur leis an rianaire nuair a thosaítear ar thionscadail nó cláir oibre nua. Na dátaí seachadta d'fho-ghníomhartha nach bhfuil socraithe le hoibleagáidí seachtracha (m.sh. timthriall sé bliana Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Tuilte); féadfar iad a leasú freisin mar léiriú ar fhorbairtí leanúnacha agus pleananna oibre athraitheacha.[1]


1 Treoir 2007/60/CE de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le measúnú agus bainistíocht ar rioscaí tuilte ar a dtugtar go coitianta Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Tuilte.

**4.19** Faoi mhí an Mhárta 2024, shainaithin Oifig na nOibreacha Poiblí 67 fo-ghníomh a rannchuidigh le 21 gníomh an Phlean a sheachadadh. Arna thaifeadadh ag Oifig na nOibreacha Poiblí

- bhí 37 fo-ghníomh curtha i gcrích
- 27 fo-ghníomh a bhí ar siúl agus de réir an sceidil
- bhí trí fho-ghníomh ar siúl ach a bhí níos moille ná an sceideal.

**4.20** Ní ann d'aon sásra foirmiúil tuairiscithe ina bhfaigheann Oifig na nOibreacha Poiblí tuarascálacha tréimhsiúla dul chun cinn ó na heagraíochtaí atá freagrach as na gníomhartha um oiriúnú a chur chun feidhme. Ina ionad sin, faightear nuashonruithe ad hoc trí ghrúpaí rialachais um bainistíocht riosca i gcás tuilte, na grúpaí/coistí stiúrtha le haghaidh tionscadail nó cláir oibre aonair ar a suíonn Oifig na nOibreacha Poiblí, nó cumarsáid neamhfhoirmiúil leis na comhlachtaí atá freagrach.

**Fíor 4.4 Líon na bhfo-ghníomhartha faoi gach gníomh um oiriúnú amhail mí an Mhárta 2024**




Foinse: Oifig na nOibreacha Poiblí

**4.21** Is é an rianaire an phríomhfhoinse eolais nuair a thugann Oifig na nOibreacha Poiblí faisnéisithe agus tuarascálacha dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an Phlean do pháirtithe leasmhara seachtracha. Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar nuashonruithe dul chun cinn a taifeadadh sa rianaire, agus dheimhnigh go raibh dóthain fianaise ann chun tacú leo (féach an cás-staidéar).

**Cás-staidéar: oiriúnú don athrú aeráide a leabú sna scéimeanna cosanta tuilte atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo**

Féachtar le roinnt gníomhartha a leagtar amach sa Phlean lena chinntiú go dtugtar iarmhairtí féideartha amach anseo an athraithe aeráide san áireamh le dearadh agus tógáil na scéimeanna cosanta tuilte in Éirinn. Is samplaí de bhearta 'boga' oiriúnúcháin iad na gníomhaíochtaí atá déanta ag Oifig na nOibreacha Poiblí chun dul chun cinn a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha sin, óir tá sé d'aidhm acu an t-oiriúnú a leabú laistigh de na cleachtais bainistíochta riosca i gcás tuilte atá ann cheana.

In 2019, leasaigh Oifig na nOibreacha Poiblí a cáipéis sonraíochtaí tairisceana le haghaidh seirbhísí sainchomhairleoireachta um innealtóireacht agus comhshaol na scéimeanna cosanta le ceanglais a áireamh ann chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- measúnú agus machnamh a dhéanamh ar iarmhairtí féideartha an athraithe aeráide i bhforbairt agus dearadh na roghanna le haghaidh scéim tosaíochta (gníomh 1.H)
- plean oiriúnaithe don athrú aeráide faoin scéim a léiriú mar chuid de dhearadh na scéimeanna nua cosanta tuilte (gníomhartha 1.H agus 2.B)
- léarscáileanna a léiriú ina sonraítear an fhéidearthacht do bhearta nádúrtha coinneála uisce, agus tabhairt faoi mheasúnú féidearthachta maidir le cineálacha sonracha beart coinneála uisce a chur chun feidhme le roinnt laghdaithe ar riosca tuilte a chur ar fáil sa limistéar faoi thrácht (gníomh 3.B).

I mí na Nollag 2023, d'fhoilsigh Oifig na nOibreacha Poiblí nóta treoracha teicniúla le pleananna um oiriúnú a fhorbairt le haghaidh scéimeanna cosanta tuilte nua agus atá ann cheana (gníomhartha 2.A agus 2.B). Sna pleananna scéime um oiriúnú don athrú aeráide ní mór gníomhartha a shainaithint a d'fhéadfaí a ghlacadh chun riosca i gcás tuilte a bhainistiú amach anseo, an méid ar cheart go spreagfadh sé cinneadh i leith na ngníomhartha sin sa todhchaí agus pé uair a d'fhéadfadh go mbeadh gá leis an gcinneadh sin.

Bítear ag súil go mbeidh plean scéime um oiriúnú don athrú aeráide ag gabháil leis na scéimeanna go léir um fhaoiseamh tuile a fhorbraítear faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2018–2027. Amhail thús mhí an Mhárta 2024, bhí plean dá leithéid i ndáil le díreach aon scéim amháin faighte agus athbhreithnithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

Ina theannta sin, cuireadh cás gnó chun pleananna scéime um oiriúnú don athrú aeráide a ullmhú le haghaidh na scéimeanna faoisimh tuile atá i bhfeidhm cheana i láthair bhainistíocht shinsearach Oifig na nOibreacha Poiblí in R1 2023 (gníomh 2.A). D'fhaomhadh buiséad iomlán €10 milliún chun 41 plean a fhorbairt lena gclúdófar an 58 scéim faoisimh tuile atá maoinithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus atá á dtógáil nó tugtha chun críche go dtí seo in Éirinn.

Foinse: Oifig na nOibreacha Poiblí Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### *Forbairt táscairí um oiriúnú don athrú aeráide*

**4.22** In 2018, sainaithníodh sa Chreat forbairt táscairí cuí um oiriúnú don athrú aeráide ar leibhéal náisiúnta, earnála agus áitiúil mar thosaíocht d'Éirinn chun monatóireacht agus measúnú a chumasú ar an dul chun cinn maidir le hoiriúnú. Amhail mí an Mheithimh 2024, ní raibh sraith de tháscairí náisiúnta um oiriúnú sainithe fós.

**4.23** Shonraigh an Roinn gurb é an cur chuige is fearr i dtreo sraith ar bith de tháscairí náisiúnta ná iad a ailíniú le táscairí an Aontais Eorpaigh agus ceanglais tuairiscithe an Aontais, agus go bhfuil cur chuige i leith na ceiste sin á mheas ag an Aontas faoi láthair.

**4.24** Sonraítear sa Phlean gur fearr torthaí a thomhas in áit aschur, ach aithnítear gur minic go dtógfaidh sé na blianta fada le torthaí a bhaint amach i ndáil le hoiriúnú don athrú aeráide agus go bhféadfadh go mba dheacair iad a chainníochtú. Dá bhrí sin, féadfar táscairí próiseas-bhunaithe a úsáid le cinntiú go bhfuil gníomhartha beartaithe á gcur i bhfeidhm ar a laghad.

**4.25** Shonraigh Oifigeach Cuntasaíochta Oifig na nOibreacha Poiblí go bhféadfaí a mheas maidir lena mhonatóireacht ar chur i bhfeidhm tríd an rianaire dul chun cinn agus a thuairisciú ina dhiaidh sin don Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide go gcomhlíontar an fheidhm chéanna leo is a chomhlíontar le táscairí próiseas-bhunaithe.[1]

#### *Táscairí eatramhacha OPW um oiriúnú*

**4.26** Sonraítear sa Phlean, go dtí go nglacfaí le sraith náisiúnta de tháscairí um oiriúnú go mbainfí úsáid as cúig tháscaire eatramhacha chun dul chun cinn a thomhas i ndáil le hoiriúnú don athrú aeráide a chur i bhfeidhm sa bhainistíocht riosca i gcás tuile. I bhFíor 4.5 taispeántar stádas na gcúig tháscaire eatramhacha um oiriúnú sa Phlean, mar a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí iad a mheasúnú, tráth fhoilsiú an Phlean in 2019 (i.e. an bhonnlíne) agus amhail deireadh 2023.

**4.27** Baineann dhá cheann de na táscairí eatramhacha le léarscáiliú tuilte. Faoi dheireadh 2023, bhí an léarscáiliú beartaithe curtha i bhfeidhm go hiomlán. Murab ionann leis sin, léiríodh le stádas dhá cheann de na táscairí eatramhacha um oiriúnú don athrú aeráide, ar bhain an dá cheann le pleanáil um oiriúnú don athrú aeráide ar leibhéal na scéimeanna aonair um bainistíocht tuilte, nach ndearnadh mórán dul chun cinn nó nach ndearnadh dul chun cinn ar bith idir 2019 agus 2023.







**4.28** Shonraigh Oifigeach Cuntasaíochta Oifig na nOibreacha Poiblí gur cheart cur i gcrích seicheamhach gníomhartha a bhfuil gá leis agus na hamlínte a ghabhann leis atá leagtha amach sa Phlean a mheas agus an dul chun cinn ata léirithe sna táscairí eatramhacha á mheasúnú. Mar shampla i ndáil le

- Táscaire 3: líon agus céatadán na **scéimeanna faoisimh tuile atá tugtha chun críche** a bhfuil roghanna cuí um oiriúnú measúnaithe ina leith agus/nó a bhfuil pleananna scéime um oiriúnú ullmhaithe ina leith — cuireadh tionscadal píolótach i gcrích in 2022 chun cur chuige éifeachtach agus éifeachtúil a fhorbairt i dtreo pleananna scéime um oiriúnú le haghaidh scéimeanna faoisimh tuile atá tugtha chun críche.  Ina dhiaidh sin, ba ghá na ceachtanna a foghlaimíodh a aithint chun treoir a fhorbairt agus coimre a ullmhú lena leagtar amach an cur chuige riachtanach, agus chun plean náisiúnta seachadta a chur i bhfeidhm ansin.  Is é 2027 an sprioc chun an obair sin a thabhairt chun críche, mar atá leagtha amach sa Phlean.

1 Comhlacht comhairleach neamhspleách í an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide a bhfuil cúram leagtha uirthi as measúnú a dhéanamh agus comhairle a thabhairt maidir leis an gcaoi ar féidir le hÉirinn aistriú go geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, ina bhfuil go leor bithéagsúlachta, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus aeráidneodrach.

- Táscaire 4: líon agus céatadán na **scéimeanna faoisimh tuile arna dtógáil** a bhfuil roghanna cuí um oiriúnú measúnaithe ina leith agus/nó a bhfuil pleananna scéime um oiriúnú ullmhaithe ina leith — tógfaidh sé os cionn cúig bliana dul ó thionscadal um scéim faoisimh tuile a thionscain go dtí an tógáil. Maidir leis na scéimeanna nua a mbeadh an gníomh sin sa Phlean i ndáil leo curtha san áireamh sa choimre tionscadail, ní bheidís tosaithe go dtí 2019, agus ní thosófaí tógáil na scéimeanna sin go dtí 2024 ar aghaidh ar a luaithe.

**Fíor 4.5 Stádas tháscairí Oifig na nOibreacha Poiblí um oiriúnú do bhainistíocht riosca i gcás tuilte, 2019 agus 2023**

| | Táscaire | 2019 | 2023 |
|---|---|---|---|
| 1 | Fad agus céatadán an chósta a bhfuil léarscáiliú tuilte ullmhaithe ina leith agus é foilsithe le haghaidh dhá chás nó níos mó amach anseo | Thart ar 1,300km<br>23%<br> | Thart ar 5,800km<br>100%<br> |
| 2 | Fad agus céatadán an cheantar tionchair abhann (ag a bhfuil achar abhantraí de níos mó ná $5km^2$) a bhfuil léarscáiliú tuilte ullmhaithe ina leith agus é foilsithe le haghaidh dhá chás nó níos mó amach anseo | Thart ar 6,700km<br>20%<br> | Thart ar 33,000km<br>100%<br> |
| 3 | Líon agus céatadán na scéimeanna faoisimh tuile atá tugtha chun críche a bhfuil measúnú déanta ar roghanna cuí um oiriúnú agus/nó a bhfuil pleananna scéime um oiriúnú ullmhaithe lena n-aghaidh[a] | —<br>0%<br> | 1 scéim faoisimh tuile<br>2%<br> |
| 4 | Líon agus céatadán na scéimeanna faoisimh tuile atá tugtha chun críche a bhfuil measúnú déanta ar roghanna cuí um oiriúnú agus/nó a bhfuil pleananna scéime um oiriúnú ullmhaithe lena n-aghaidh[b] | —<br>0%<br> | —<br>0%<br> |
| 5 | Líon na n-áitreabh (áitribh chónaitheacha agus ghnó) a bhaineann leas as scéim faoisimh tuile agus a bhfuil measúnú déanta ar roghanna cuí um oiriúnú agus/nó a bhfuil pleananna scéime um oiriúnú ullmhaithe lena n-aghaidh (táscaire toraidh)[c] | Níl teacht air. | Níl teacht air. |

Foinse: Oifig na nOibreacha Poiblí

Nótaí:

a Mar atá leagtha amach sa Phlean (gníomh 2.A) agus faoin gclár oibreacha cúig bliana a ghlac Oifig na nOibreacha Poiblí in 2023, is é 2027 an sprioc chun an obair sin a thabhairt chun críche.

b Shonraigh Oifig na nOibreacha Poiblí nach dtosófaí ar na scéimeanna sin a thógáil go dtí 2024 ar aghaidh ar a luaithe.

c Braitheann tomhas le haghaidh an táscaire sin ar chur chun cinn na hoibre faoi ghníomh 2.A (críochnú measta in 2027) agus gníomh 2.B (idir lámha ó 2019) de chuid an Phlean. Ós rud é nach bhfuil na gníomhartha sin tugtha chun críche, níl faisnéis ar fáil faoin táscaire sin um oiriúnú.

### *Tionscadal píolótach EPA ar tháscairí don earnáil iompair*

**4.29** Bhí tionscadal taighde a rinne an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) maidir le táscairí um theacht aniar aeráide a roghnú agus a úsáid idir lámha nuair a bhí na pleananna um oiriúnú earnála á n-ullmhú.[1] Tugadh tionscadal taighde EPA chun críche in 2021, agus aithníodh 127 táscaire féideartha san iomlán ann. Moladh sa tuarascáil fothacar cuí táscairí a roghnú, agus a gcur i bhfeidhm a thástáil i staidéar píolótach.

**4.30** Foilsíodh tuarascáil EPA ar an staidéar píolótach, inar díríodh ar earnáil an iompair, i mí Iúil 2024. Cuimsítear ann sraith mholta táscairí d'earnáil an iompair, chomh maith le ceachtanna a foghlaimíodh agus moltaí le haghaidh na n-earnálacha eile chun cabhrú leo lena gcuid táscairí féin um oiriúnú don athrú aeráide a aithint agus a chur i bhfeidhm.

**4.31** Sonraítear sa *Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe* nua a foilsíodh i mí an Mheithimh 2024, go n-áireofar an mhodheolaíocht a forbraíodh trí thionscadal EPA sna treoirlínte athbhreithnithe pleanála earnála don oiriúnú. Faoi ghníomh 1d den Chreat nua ceanglófar ar earnálacha táscairí oiriúnacha um oiriúnú don athrú aeráide a fhorbairt agus a úsáid mar chuid dá bpróiseas pleanála earnála um oiriúnú.

### ***Measúnú ar dhul chun cinn***

**4.32** Ó bhí 2021 ann, déanann an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide (an Chomhairle) monatóireacht ar chur i bhfeidhm pleananna earnála um oiriúnú trí scórchárta oiriúnaithe a úsáid. I scórchárta oiriúnaithe na Comhairle déantar measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ag earnálacha sa 12 mhí roimhe sin seachas a ndul chun cinn iomlán ó foilsíodh na pleananna earnála um oiriúnú.

**4.33** Déantar measúnú leis an scórchárta ar a mhéid is a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh i ndáil leis an mbeartas um oiriúnú don athrú aeráide a chur i bhfeidhm agus maidir le hathléimneacht a mhéadú faoi thrí phríomhábhar[2]

- ***riosca, cur in ord tosaíochta agus acmhainneacht oiriúnaitheach*** — measúnú cibé acu an bhfuil aghaidh á tabhairt ar rioscaí aitheanta, an bhfuil acmhainn oiriúnaitheach á méadú, an bhfuil aghaidh á tabhairt ar bhearnaí eolais agus an bhfuil monatóireacht á déanamh ar rioscaí.
- ***soláthar acmhainní agus príomhshruthú*** — measúnú cibé acu an bhfuil acmhainní cuí á gcur i bhfeidhm, an bhfuil aird tugtha le cinntí fadtéarma ar aeráid na todhchaí agus an bhfuil oiriúnú á phríomhshruthú
- **rialachas, comhordú agus saincheisteanna trasghearrtha** — measúnú cibé acu an bhfuil comhordú córasach i bhfeidhm agus an bhfuil comhleanúnachas maith le beartais eile.

**4.34** Tugann an cheanneagraíocht le haghaidh gach earnála tuairisc ar dhul chun cinn mar fhreagra ar cheistneoir socraithe a sheolann an Chomhairle gach bliain. Níl sé éigeantach do cheanneagraíochtaí freagairt don cheistneoir, agus ní iarrtar fianaise chun tacú le freagra ar bith a thugtar. Déantar earnálacha a scóráil de réir gach príomhábhair agus tugtar scór foriomlán dóibh, bunaithe ar mheasúnú cáilíochtúil na Comhairle ar an bhfaisnéis a chuirtear isteach. Tugtar deis freisin d'earnálacha rannpháirteacha freagairt do réamh-mheasúnú na Comhairle ar a ndul chun cinn sula dtugtar a scór oiriúnaithe chun críche.

1 An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Research 379: *Policy Coherence in Adaptation Studies: Selecting and Using Indicators of Climate Resilience*. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil anseo.

2 In 2024, rinne an Chomhairle athrú ar na príomhábhair atá le measúnú i scórchártaí amach anseo. Is iad na hábhair sin anois: (i) rialachas agus acmhainní a chur ar fáil, (ii) cur i bhfeidhm agus príomhshruthú beartais, agus (iii) riosca agus bainistíocht oiriúnaitheach.

**4.35** Tá cúig leibhéal dul chun cinn sa chóras scórála a úsáideann an Chomhairle — gan dul chun cinn/easpa fianaise, teoranta, measartha, go maith, agus go leor dul chun cinn. Cuireadh scór foriomlán de 'go maith' i leith earnáil na bainistíochta riosca i gcás tuilte ó cruthaíodh an scórchárta (féach Fíor 4.6).

**Fíor 4.6 Scórchártaí oiriúnaithe 2021 – 2023: rátálacha bainistíochta i gcás tuilte**

| Príomhábhar | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|
| **Riosca, cur in ord tosaíochta agus acmhainn oiriúnaitheach** | Go leor dul chun cinn | Go maith | Go leor dul chun cinn |
| **Soláthar acmhainní agus príomhshruthú** | Go leor dul chun cinn | Go maith | Go maith |
| **Rialachas, comhordú agus saincheisteanna trasghearrtha** | Go maith | Measartha | Go maith |
| **Ar an Iomlán** | **Go maith** | **Go maith** | **Go maith** |


Foinse: Scórchártaí na Comhairle Comhairlí um Athrú Aeráide, 2021 – 2023

## Rialachas

**4.36** Tá athrú tagtha le roinnt blianta anuas ar na socruithe rialachais atá leagtha amach sa Chreat. Cuimsíonn struchtúr náisiúnta rialachais na hÉireann i réimse an oiriúnaithe don athrú aeráide an Bord Seachadta Gníomhaíochta ar son na hAeráide, an Coiste Stiúrtha Náisiúnta um Oiriúnú agus an Chomhairle (féach Fíor 4.7). Cuirtear síos in Iarscríbhinn 4C ar phríomhróil agus phríomhfhreagrachtaí gach eintitis.

**4.37** Tá ionadaíocht ag Oifig na nOibreacha Poiblí, ina cháil mar an ghníomhaireacht um bainistíocht riosca i gcás tuilte in Éirinn, ar an gCoiste Stiúrtha Náisiúnta um Oiriúnú. Tá Ceann na Rannóige um Bainistíocht Riosca agus Oiriúnú Aeráide in Oifig na nOibreacha Poiblí ina mball faoi láthair i gcáil aonair de Choiste Oiriúnaithe na Comhairle. Níl Oifig na nOibreacha Poiblí ina ball den Bhord Seachadta Gníomhaíochta ar son na hAeráide.

**Fíor 4.7 Comhlachtaí rialachais náisiúnta a phléann le hoiriúnú don athrú aeráide**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Cuireann an Grúpa Stiúrtha Ardleibhéil um Ghníomhú ar son na hAeráide – a raibh an Grúpa Stiúrtha Ardleibhéil um Phlean Náisiúnta um Maolú mar ainm air ar dtús – ar bun in 2017 chun cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta um Maolú a bhrú chun cinn. Leathnaíodh a shainchúram chun dul i ngleic le maolú agus oiriúnú araon tar éis fhaomhadh an Chreata. Scoireadh é in 2019 nuair a tháinig an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide in ionad an Phlean Náisiúnta um Maolú agus bunaíodh an Bord Seachadta Gníomhaíochta ar son na hAeráide.

### *Maoirseacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn*

**4.38** Leagann an Plean síos go ndéanfaidh siad seo a leanas na gníomhartha um oiriúnú a leagann sé amach a athbhreithniú

- an Grúpa Comhordaithe Idir-Rannach um Beartas Tuilte
- an Grúpa Comhordaithe Náisiúnta um Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Tuilte, agus
- Oifig na nOibreacha Poiblí.

**4.39** Shamhlaigh an Plean freisin athbhreithniú bliantúil ar dhul chun cinn a rinneadh ar gach gníomh chun eolas a dhéanamh do chur i láthair ráitis bhliantúil um aistriú oiriúnúcháin earnála do Thithe an Oireachtais de réir an Achta. Ach tá athrú mór tagtha ar shásraí tuairiscithe maidir le hoiriúnú don athrú aeráide ó foilsíodh an Plean in 2019 (féach Fíor 4.8)

**Fíor 4.8 Tuairisciú Oifig na nOibreacha Poiblí ar oiriúnú don athrú aeráide san earnáil bainistíochta riosca i gcás tuilte 2019 – 2023**

| Údarás/bunús | Sásra tuairiscithe agus príomhfhorbairtí |
|---|---|
| **An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015** | ▪ Ráiteas bliantúil um aistriú do Thithe an Oireachtais.<br>▪ Ráiteas bliantúil um aistriú oiriúnúcháin earnála, le bheith san áireamh sa ráiteas bliantúil náisiúnta ar aistriú.<br>▪ Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí achoimre ghairid ar fáil ar a phlean oiriúnúcháin earnála sna ráitis bhliantúla ar aistriú a cuireadh i láthair do na blianta 2019 agus 2020.<br>▪ Alt 14 bainte ar shiúl ag an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021, agus é ag tuairisciú trí ráitis bhliantúla ar aistriú oiriúnúcháin earnála.<br>▪ Forálann an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 a cheangal ar airí Rialtais teacht i láthair comhchoiste Oireachtais, lena n-áirítear tuairisciú ar bhearta na mbeart oiriúnúcháin atá curtha i bhfeidhm mar chuid de phleananna earnála um oiriúnú. |
| **Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP) 2019** | ▪ Nuashonruithe ráithiúla ar an mBord Seachadta Gníomhaíochta ar son na hAeráide maidir le cur i bhfeidhm na bpleananna earnála um oiriúnú (gníomh 181).<br>▪ Iarradh ar earnálacha nuashonruithe gairide a chur ar fáil ar na gníomhartha um oiriúnú laistigh dá bplean ag bhí ar siúl nó dlite le seachadadh sa ráithe ag teacht, chomh maith le haon ghníomhartha a raibh moill curtha orthu ó ráithe roimhe sin.<br>▪ Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí nuashonrú mar sin ar fáil ar iarratas, in R3 2020 agus R2 2021.<br>▪ Ní raibh riachtanas tuairiscithe Ghníomh 181 ann a thuilleadh le foilsiú CAP 2021. |

| Údarás/bunús | Sásra tuairiscithe agus príomhfhorbairtí |
|---|---|
| **An Bord Seachadta Gníomhaíochta ar son na hAeráide** | ▪ Iarrtar ar earnálacha gníomhartha nó fo-ghníomhartha a chur chun tosaigh óna bpleananna oiriúnaithe le cur isteach sa Phlean bliantúil Gníomhaíochta ar son na Aeráide. Tá sainmhíniú an chineáil gníomhartha atá oiriúnach le cur isteach athraithe agus tá sé anois níos sriantaí ó foilsíodh CAP 2019. Is tosaíocht anois gníomhartha ardleibhéil straitéiseacha is féidir a sheachadadh laistigh de shaolré an Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide.<br>▪ Déanann an Bord monatóireacht ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide. Foilsíonn sé tuarascálacha ráithiúla ina sonraítear dul chun cinn a rinneadh ar ghníomhartha dlite le seachadadh sa ráithe sin.<br>▪ Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí nuashonruithe ar fáil ar dhul chun cinn ar ghníomhartha faoina freagracht ceithre hiarraidh ó 2022 go 2023. Bhain trí nuashonrú le CAP 2021 agus ceann amháin le CAP 2023.<br>▪ Le chéile, níor bhain na trí nuashonrú sin ach le haon trian de na gníomhartha a leagtar amach sa phlean earnála um oiriúnú. |
| **An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide** | ▪ Ó 2021 i leith, tá an Chomhairle ag cur scórchárta bliantúil um oiriúnú ar fáil chun dul chun cinn na bpleananna earnála agus áitiúla um oiriúnú agus cur i bhfeidhm an Chreata Náisiúnta Oiriúnaithe a thomhas.<br>▪ Is measúnú cáilíochtúil é an scórchárta ar an dul chun cinn a rinneadh sa bhliain roimhe mar a thuairiscigh na hearnálacha faoi leith trí cheistneoir a eisíonn an Chomhairle. Ghlac Oifig na nOibreacha Poiblí páirt sa phróiseas seo gach bliain ar cuireadh an scórchárta ar fáil.<br>▪ Tá torthaí agus príomhthátail an scórchárta um oiriúnú san áireamh in athbhreithniú bliantúil na Comhairle a chuirtear i láthair an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.<br>▪ Ba é scór na Comhairle ar dhul chun cinn foriomlán na hearnála um bainistíocht riosca i gcás tuilte ná ‘maith’ in 2021, 2022 agus 2023. |
| **An Grúpa Comhordaithe Idir-Rannach um Beartas Tuilte** | ▪ Is mír athfhillteach é an Plean ar an gclár oibre do chruinnithe ach bíonn plé teoranta. Cuireann Oifig na nOibreacha Poiblí nóta faisnéise ar fáil ag gach cruinniú, lena n-áirítear forléargas ar roinnt dá gníomhaíochtaí oiriúnaithe.<br>▪ Cuirtear nuashonruithe níos mionsonraithe ar líon beag de na gníomhartha um oiriúnú ar fáil mar mhíreanna faoi leith ar an gclár oibre de ghnáth, e.g. tuarascálacha Oifig na nOibreacha Poiblí ar stádas na Seirbhíse Náisiúnta Rabhaidh agus Réamhaisnéise Tuilte (gníomh 3.E). |
| **An Grúpa Comhordaithe Náisiúnta um Threoir maidir le Tuilte** | ▪ Cuireann Oifigeach na nOibreacha Poiblí nuashonruithe mionsonraithe ar fáil ar dhul chun cinn maidir leis an timthriall bainteach le Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Tuilte a chur i bhfeidhm ag gach cruinniú grúpa i.e. uair nó dhó sa bhliain. Baineann na nuashonruithe sin le cúig cinn de ghníomhartha um oiriúnú an Phlean (gníomhartha 1.B, 1.C, 1.D, 1.E agus 1.G).<br>▪ Is mír athfhillteach ar an gclár oibre freisin é nuashonrú ó Met Éireann ar bhunú na Seirbhíse Náisiúnta Rabhaidh agus Réamhaisnéise Tuilte (gníomh 3.E). |

Foinse: Na hAchtanna um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015 agus 2021; Oifig na nOibreacha Poiblí; an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide; an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**4.40** Luann na hearnálacha éagsúla go gcoinníonn an Coiste Stiúrtha Náisiúnta um Oiriúnú maoirseacht ar chur i bhfeidhm gníomhartha. Ach cé gur úsáideadh é mar fhóram chun eolas a chomhroinnt agus nuashonruithe a chur ar fáil ar ullmhú na bpleananna earnála um oiriúnú sa tréimhse a fhad lena bhfaomhadh in 2019, ní thuairiscíonn earnálacha de ghnáth don Choiste maidir le cur i bhfeidhm a bpleananna agus gníomhartha um oiriúnú.

**4.41** Is í an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide faoi láthair an t-aon chomhlacht náisiúnta dá dtugann Oifig na nOibreacha Poiblí nuashonrú ar dhul chun cinn a rinneadh ar an bPlean agus an 21 gníomh um oiriúnú uile.

**4.42** Deirtear sa *Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe* gur bunaíodh fo-ghrúpa de Ghrúpa Oifigeach Sinsearach ar an gComhshaol agus Athrú Aeráide i mí Dheireadh Fómhair 2023 chun na hacmhainní agus socruithe rialachais atá i bhfeidhm maidir le beartas oiriúnúcháin aeráide a athbhreithniú.

**4.43** Dúirt an Roinn go gcuirfear moltaí Fhoghrúpa na nOifigeach Sinsearach san áireamh agus an *Creat Náisiúnta Oiriúnaithe* nua á chur chun feidhme, lena n-áirítear conas cur i bhfeidhm níos éifeachtaí gníomhartha um oiriúnú a chinntiú ar fud an Rialtais.

### *Oibleagáidí tuairiscithe AE agus oibleagáidí tuairiscithe idirnáisiúnta eile*

#### *Tuairisciú do Choimisiún an Aontais Eorpaigh*

**4.44** Faoi Rialachán AE 2018/1999, caithfidh Éire tuairisciú freisin don Choimisiún Eorpach ar a pleanáil náisiúnta agus straitéisí um oiriúnú gach dhá bhliain, ag tabhairt breac-chuntas ar na gníomhartha atá curtha i bhfeidhm agus atá beartaithe chun oiriúnú don athrú aeráide a éascú.[1]

**4.45** Is í an Roinn ionadaí na hÉireann maidir le UNFCCC agus tá sí freagrach as cloí le hoibleagáidí tuairiscithe na hÉireann maidir le hoiriúnú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Cuireadh an tuarascáil is deireanaí ón Roinn faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh faoin 15 Márta 2023.

#### *Tuairisciú do UNFCCC*

**4.46** Faoi Chomhaontú Pháras, ceanglaítear ar Éirinn freisin 'cumarsáid oiriúnúcháin' a chur faoi bhráid UNFCCC agus a nuashonrú go tréimhsiúil. Is féidir ssin a chur isteach agus a nuashonrú mar chuid de, nó i gcomhar le, cumarsáidí nó cáipéisí, lena n-áirítear plean náisiúnta um oiriúnú nó cumarsáid náisiúnta.

**4.47** Bhí Cumarsáid Náisiúnta is déanaí na hÉireann chuig UNFCCC dlite faoin 31 Nollaig 2022, agus cuireadh isteach í i mí Feabhra 2023. Tá caibidil sa chumarsáid ar oiriúnú ina bhfuil forléargas ardleibhéil ar dhul chun cinn ar chur i bhfeidhm ag leibhéal earnála.[2] Scríobh Oifig na nOibreacha Poiblí an chuid faoina plean oiriúnaithe do bhainistíocht riosca i gcás tuilte agus chabhraigh sí leis an Roinn nuair a chuir an Roinn an chaibidil ar oiriúnú i láthair thoscaireacht UNFCCC i mí Aibreáin 2023.

#### *Tuairisciú ar spriocanna eile*

**4.48** Dúirt Oifig na nOibreacha Poiblí nach ndéanann sí monatóireacht ná measúnú ar an méid atá an Plean ag cur le spriocanna eile inbhuanaitheachta agus/nó aeráide dá bhfuil Éire tiomanta (m.sh. Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe; Creat Sendai do Laghdú Riosca Tubaiste).

1 Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus Gníomhú ar son na hAeráide, Airteagal 19. Is féidir teacht ar an téacs iomlán anseo.

2 *8ú Cumarsáid Náisiúnta na hÉireann le Creat na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide*, Bealtaine 2023. Tá an chumarsáid ar fáil ar shuíomh gréasáin UNFCCC.

## Acmhainní agus maoiniú

**4.49** Ní chuireann an Plean measúnú ar fáil ar an leibhéal maoinithe nó foirne a theastaíonn chun an 21 gníomh um oiriúnú don athrú aeráide a chur i gcrích. Ach aithnítear go bhfuil cur i bhfeidhm faoi réir infhaighteacht acmhainní i bhforálacha buiséadacha gach comhlachta atá freagrach as cur i bhfeidhm amach anseo.

**4.50** Nochtar maoiniú státchiste do sheirbhísí bainistíochta riosca i gcás tuilte faoin bhfo-cheannteideal A.5 den mheasúnú Vóta bliantúil. Ní áirítear leis an bpróiseas buiséadach an leithdháileadh sonrach maoinithe i dtreo pleanáil nó bearta oiriúnaithe um athrú aeráide.

**4.51** Chinn an fhoireann imscrúdaithe gur féidir an 21 gníomh go léir a leagtar amach sa Phlean a chatagóiriú mar bhearta oiriúnaithe 'boga' mar a shainmhínítear sa Chreat i.e. bearta lena mbaineann athrú ar iompar, rialú nó córas bainistíochta.[1] Ní shonraíonn an Plean, mar sin, aon idirghabhálacha fisiciúla faoi leith. Go háirithe, ní cuid den phlean iad tógáil na scéimeanna faoisimh tuilte le tacaíocht ó *Phlean Náisiúnta Forbartha* 2018-2027 agus an leithdháileadh maoinithe €940 milliún a bhaineann leis.

**4.52** Mhínigh Oifig na nOibreacha Poiblí go bhfuil measúnú agus rianú caiteachais dhírigh ar an bPlean deacair a bhaint amach. Tá sé seo amhlaidh mar is é an aidhm atá leis oiriúnú don athrú aeráide a leabú i bpróisis agus cleachtais bainistíochta riosca i gcás tuilte ar fud na hearnála poiblí. Dá réir sin, tá caiteachas a chuireann le cur i bhfeidhm an Phlean comhtháite i gcaiteachas – agus ní féidir den chuid is mó é a idirdhealú uaidh – a thabhaítear ar chláir oibre agus tionscadail reatha eile. Dúirt Oifig na nOibreacha Poiblí gurbh ionann caiteachas díreach ar an bPlean agus díreach faoi bhun €167,000 go deireadh 2023.

## Conclúidí agus moltaí

**4.53** Is coigeartuithe iad gníomhartha um oiriúnú don athrú aeráide a bhfuil de rún leo cur in aghaidh thionchair díobhálacha an athraithe aeráide. Foilsíodh an *Creat Náisiúnta Oiriúnaithe* (an Creat) i mí Eanáir 2018. Shainaithin sé 12 earnáil tosaíochta dá n-ullmhaítear pleananna earnála um oiriúnú.

**4.54** D'ullmhaigh agus d'fhaomh an Rialtas plean earnála um oiriúnú ar bhainistíocht riosca i gcás tuilte (an Plean) i mí Dheireadh Fómhair 2019. Is í Oifig na nOibreacha Poiblí an phríomhghníomhaireacht ar bhainistíocht riosca i gcás tuilte agus tá sí ag obair ar ghníomhartha um oiriúnú mar atáthar á leagan amach i bpleananna earnála um oiriúnú le deich mbliana.

### *Comhlíonadh*

**4.55** Ullmhaíodh plean earnála um oiriúnú Oifig na nOibreacha Poiblí faoin gCreat i gcomhlíontacht leis na ceanglais reachtúla a leagtar amach san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015. Léiríonn struchtúr an Phlean an próiseas agus na céimeanna ar a dtugtar breac-chuntas in *Treoirlínte pleanála earnála don oiriúnú ar an athrú aeráide* a d'fhorbair an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus a ndearna an cleachtas is fearr idirnáisiúnta eolas dó.

1 Déantar bearta oiriúnaithe a chatagóiriú mar 'bog', 'uaine' nó 'liath'. Úsáideann bearta uaine réitithe bunaithe ar an dúlra chun athléimneacht i leith thionchair an athraithe aeráide a fheabhsú. Is é atá i gceist le bearta liatha réitigh theicniúla nó innealtóireachta do thionchair aeráide.

### *Gníomhartha um oiriúnú don athrú aeráide*

**4.56** Sainaithníonn an Plean 21 gníomh um oiriúnú chun cur leis an sprioc agus na cuspóirí a leagtar amach don earnáil bainistíochta riosca i gcás tuilte. Sanntar freagracht as na gníomhartha sin a chur i bhfeidhm do 15 eagraíocht agus grúpa páirtithe leasmhara éagsúla, le hOifig na nOibreacha Poiblí freagrach – aisti féin nó i gcomhar – as an líon is airde gníomhartha.

**4.57** Úsáideann Oifig na nOibreacha Poiblí rianaire chun monatóireacht agus rianú a dhéanamh ar thuairisciú do pháirtithe leasmhara seachtracha ar dhul chun cinn a rinneadh ar chur i bhfeidhm gníomhartha um oiriúnú a leagtar amach sa Phlean.

**4.58** Cé go sainaithníonn an Plean na grúpaí agus na comhlachtaí atá freagrach as gach gníomh um oiriúnú, níl aon sásra tuairiscithe foirmiúil i bhfeidhm d'Oifig na nOibreacha Poiblí chun nuashonruithe ar dhul chun cinn a fháil ó na páirtithe leasmhara sin.

**Moladh 4.1**

Ba cheart do na chéad leaganacha eile den phlean earnála um oiriúnú do bhainistíocht riosca i gcás tuilte sásraí tuairiscithe foirmiúla d'Oifig na nOibreacha Poiblí a bhunú chun nuashonruithe ar dhul chun cinn a fháil ó pháirtithe leasmhara seachtracha atá freagrach as gníomhartha um oiriúnú ar leith ar bhonn rialta m.sh. go ráithiúil.

**Freagra Oifigeach Cuntasaíochta Oifig na nOibreacha Poiblí**

Aontaítear leis.

Comhaontóidh Oifig na nOibreacha Poiblí gníomhartha le páirtithe leasmhara seachtracha sa chéad phlean earnála eile um oiriúnú don bhainistíocht riosca i gcás tuilte. Agus í á dhéanamh sin, féachfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí freisin le comhaontú a lorg ar shocruithe um thuairisciú oiriúnach chun Oifig na nOibreacha Poiblí a chumasú chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn foriomlán i ngach gníomh.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Nuashonrú an *Phlean Earnála um Oiriúnú do Bhainistíocht Riosca i gCás Tuilte*; Meán Fómhair 2025.

### *Táscairí maidir le hoiriúnú an athraithe aeráide*

**4.59** Rátáil an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráid dul chun cinn foriomlán na hearnála bainistíochta riosca i gcás tuilte i gcur i bhfeidhm an Phlean mar 'maith' gach bliain ó cruthaíodh an scórchárta in 2021. Is measúnú cáilíochtúla é seo atá bunaithe ar fhaisnéis a chuir Oifig na nOibreacha Poiblí féin ar fáil agus a baineadh óna rianaire ar dhul chun cinn.

**4.60** Leagtar amach sa Phlean cúig tháscaire ar oiriúnú don athrú aeráide i leith bainistíocht riosca i gcás tuilte. Baineann dhá cheann de na bearta le léarscáiliú riosca tuilte. Faoi dheireadh 2023, bhí an léarscáiliú beartaithe curtha i bhfeidhm go hiomlán. Murab ionann leis sin, léiríodh le stádas dhá cheann de na táscairí eatramhacha um oiriúnú don athrú aeráide, ar bhain an dá cheann le pleanáil um oiriúnú don athrú aeráide ar leibhéal na scéimeanna aonair um bainistíocht tuilte, nach ndearnadh mórán dul chun cinn nó nach ndearnadh dul chun cinn ar bith idir 2019 agus 2023.

**4.61** Sonraítear sa *Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe* nua a foilsíodh i mí an Mheithimh 2024, go n-áireofar an mhodheolaíocht a úsáidfidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) chun táscairí um oiriúnú don athrú aeráide a fhorbairt don earnáil iompair i dtreoirlínte ina gceanglófar ar earnálacha táscairí oiriúnacha um oiriúnú don athrú aeráide a fhorbairt agus a úsáid mar chuid den phróiseas pleanála earnála um oiriúnú.

**Moladh 4.2**

Ba cheart sraith táscairí próiseas-bhunaithe a fhorbairt gan mhoill chun monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar dhul chun cinn um oiriúnú don athrú aeráide agus chun a áirithiú go bhfuil gníomhartha sainithe um oiriúnú don athrú aeráide á gcur chun feidhme.

**Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne**

Aontaítear leis.

Áirítear leis an g*Creat Náisiúnta Oiriúnaithe* nua gníomh chun ceanglas a thabhairt isteach sna treoirlínte go bhforbróidh agus go n-úsáidfidh pleananna earnála um oiriúnú táscairí athléimneachta/oiriúnúcháin oiriúnacha chun córas monatóireachta, meastóireachta, taighde agus foghlama (MERL) sainoiriúnaithe a chruthú chun monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme gníomhartha agus cuspóirí um oiriúnú don athrú aeráide.

Cé gur fearr táscairí toraidh, bíonn sé dúshlánach iad sin a fhorbairt agus is féidir táscairí próiseas-bhunaithe a úsáid idir an dá linn. Maidir leis an obair atá ar siúl ag an earnáil iompair faoi láthair, tá modheolaíocht á comhchruthú chun táscairí um oiriúnú don athrú aeráide a fhorbairt. Táthar ag súil go n-úsáidfidh earnálacha eile an mhodheolaíocht deiridh mar mhúnla agus an chéad timthriall eile de phleananna earnála um oiriúnú á bhforbairt in 2025.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Meán Fómhair 2025.

**Freagra Oifigeach Cuntasaíochta Oifig na nOibreacha Poiblí**

Aontaítear leis.

Comhlíonfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí na treoirlínte pleanála earnála atá le teacht maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, ag tabhairt dá haire go léirítear sna dréacht-treoirlínte gur cheart táscairí a shannadh do gach gníomh chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, agus d’fhéadfadh go n-áireofaí leis sin

- táscairí próiseas-bhunaithe (lena rianaítear an dul chun cinn ar phróisis agus gníomhartha beartais),
- táscairí aschur-bhunaithe (maidir le toradh díreach an bheartais nó an ghnímh um oiriúnú gan measúnú a dhéanamh cé acu a thagann torthaí oiriúnúcháin níos fearr as an ngníomh), agus
- táscairí torthaí-bhunaithe (lena dtomhaistear rath gnímh um oiriúnú ar leith, mar shampla laghdú ar leochaileacht nó méadú ar acmhainneacht oiriúnaitheach).

Cuireann táscairí den chineál sin leis an monatóireacht ar an dul chun cinn a dhéantar tríd an rianaire faoi láthair.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Nuashonrú an *Phlean Earnála um Oiriúnú do Bhainistíocht Riosca i gCás Tuilte*; Meán Fómhair 2025.

**4.62** Déanann Oifig na nOibreacha Poiblí monatóireacht agus tuairisciú freisin ar ghníomhartha um oiriúnú don athrú aeráide a áirítear leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, ach ní thomhaiseann sí rannchuidiú an Phlean le spriocanna eile inbhuanaithe agus maidir leis an aeráid.

**Moladh 4.3**

Ba cheart go n-áireofaí sna chéad leaganacha eile den phlean earnála um oiriúnú do bhainistíocht riosca i gcás tuilte machnamh ar an gcaoi a bhféadfadh an plean cur leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Ba cheart d'Oifig na nOibreacha Poiblí smaoineamh freisin ar tháscairí maidir le riosca tubaiste a laghdú agus athléimneacht a chur leis an bplean.

**Freagra Oifigeach Cuntasaíochta Oifig na nOibreacha Poiblí**

Aontaítear leis.

Comhlíonfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí na treoirlínte pleanála earnála atá le teacht maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, ag tabhairt dá haire go léirítear sna dréacht-treoirlínte go n-éilítear ar earnálacha sna dréacht-treoirlínte smaoineamh ar shaincheisteanna beartais trasearnálacha lena gcuimsítear réimsí téamacha lena n-áirítear laghdú ar riosca tubaiste. Cé nach leagtar amach sna dréacht-treoirlínte reatha ceanglais maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, luaitear iad sa *Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe* (2024) i gcomhthéacs timpeallacht chumasúcháin a chur ar fáil chun oiriúnú don athrú aeráide a phríomhshruthú, agus is féidir le hOifig na nOibreacha Poiblí a leagan amach cén chaoi ar féidir leis an b*Plean Earnála um Oiriúnú do Bhainistíocht Riosca i gCás Tuilte* cur leis na spriocanna sin.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Nuashonrú an *Phlean Earnála um Oiriúnú do Bhainistíocht Riosca i gCás Tuilte*; Meán Fómhair 2025.

## *Rialachas*

**4.63** Tuairiscíonn Oifig na nOibreacha Poiblí ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an Phlean ar an leibhéal earnála agus náisiúnta agus cuidíonn sí le hoibleagáidí tuairiscithe na hÉireann do UNFCCC a chomhlíonadh. Mar sin féin, tá easpa soiléireachta agus leanúnachais ann maidir le cad iad na ceanglais tuairiscithe sin ar an leibhéal náisiúnta sa réimse um oiriúnú don athrú aeráide. Níl aon tuairisciú éigeantach ná reachtúil rialta ag teastáil ó Oifig na nOibreacha Poiblí nuair a chuirfear an Plean chun feidhme.

**4.64** Is í an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide an t-aon chomhlacht in Éirinn a dhéanann monatóireacht agus athbhreithniú mionsonraithe ar chur chun feidhme an Phlean agus an 21 gníomh um oiriúnú uile. Le hAlt 13 den Acht, tugtar an t-údarás don Chomhairle, mar chomhlacht comhairleach neamhspleách, athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar na pleananna earnála um oiriúnú agus ar a gcur chun feidhme tráth ar bith is cuí léi. Mar sin féin, níl aon oibleagáid ar an gComhairle athbhreithniú den chineál sin a dhéanamh agus níl aon cheanglas foirmiúil ar na heintitis atá freagrach as pleananna earnála um oiriúnú don athrú aeráide úsáid a bhaint as próiseas measúnaithe scórchárta oiriúnaithe na Comhairle.

**4.65** Leagtar amach sa *Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe* nua a foilsíodh i mí an Mheithimh 2024 struchtúr rialachais nuashonraithe. Dúirt an Roinn go bhfuil athbhreithniú ar bun ar na hacmhainní agus ar na socruithe rialachais atá i bhfeidhm maidir le beartas um oiriúnú don athrú aeráide. Tá an t-athbhreithniú á dhéanamh ag foghrúpa de Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach ar an gComhshaol agus ar Athrú Aeráide a bunaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2023, agus tá sé beagnach críochnaithe. Dúirt an Roinn go gcuirfear moltaí an fhoghrúpa san áireamh agus an *Creat Náisiúnta Oiriúnaithe* nua á chur chun feidhme.

**4.66** Le toradh an athbhreithnithe agus an *Chreata Náisiúnta Oiriúnaithe* nuashonraithe a foilsíodh le déanaí, cabhrófar leis an struchtúr rialachais a fheabhsú agus a shoiléiriú chun gníomhartha oiriúnaithe don athrú aeráide a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí.

### *Acmhainní agus maoiniú*

**4.67** Níl aon mheastachán ar fáil ar an maoiniú agus ar na hacmhainní atá riachtanach chun an 21 gníomh a leagtar amach sa Phlean a chur chun feidhme. Ní áirítear leis an bpróiseas buiséadach leithdháileadh sonrach an mhaoinithe chun oiriúnú don athrú aeráide. Mhínigh Oifig na nOibreacha Poiblí nach féidir idirdhealú a dhéanamh idir caiteachas díreach ar na bearta oiriúnaithe sin agus caiteachas ar chláir oibre eile i mbainistíocht riosca i gcás tuilte. Cuireann sin teorainn leis an trédhearcacht maidir le feidhmíocht na gníomhaíochta um oiriúnú don athrú aeráide.

## Iarscríbhinn 4A Earnálacha ar ghá pleananna oiriúnaithe a ullmhú ina leith faoin gCreat Náisiúnta Oiriúnaithe[a]

| Téama | Ceanneagraíocht | Earnáil |
|---|---|---|
| Caipiteal nádúrtha agus cultúrtha | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | Bia mara |
| | | Talmhaíocht |
| | | Foraoiseacht |
| | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | Bithéagsúlacht |
| | | Oidhreacht seandálaíochta agus thógtha |
| Bonneagar ríthábhachtach | An Roinn Iompair | Bonneagar iompair |
| | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | Líonraí leictreachais agus gáis |
| | | Líonraí cumarsáide |
| Bainistíocht acmhainní uisce agus riosca i gcás tuilte | Oifig na nOibreacha Poiblí | Bainistíocht riosca i gCás Tuilte |
| | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | Cáilíocht an uisce |
| | | Bonneagar seirbhísí uisce |
| Sláinte phoiblí | An Roinn Sláinte | Sláinte |

Foinse: Creat Náisiúnta Oiriúnaithe (2018)

Nóta: a Ullmhaíodh naoi bplean earnála um oiriúnú san iomlán chun gach ceann den 12 earnáil a chumhdach. Rangaítear na hearnálacha bia mara, talmhaíochta agus foraoiseachta faoi aon phlean amháin, mar atá na hearnálacha bonneagair um cháilíocht uisce agus seirbhísí uisce.

## Iarscríbhinn 4B Gníomhartha um oiriúnú don bhainistíocht riosca i gcás tuilte

| Tag. | Gníomh | Freagrach[a] | Amlíne |
|---|---|---|---|
| **Cuspóir 1: Ár n-eolas agus ár dtuiscint a fheabhsú ar thionchar féideartha an athraithe aeráide ar thuilte agus ar bhainistíocht riosca i gcás tuilte trí thaighde agus measúnú a dhéanamh.** | | | |
| **1.A** | Dul i ngleic le torthaí agus moltaí a eascraíonn as tionscnaimh taighde ar athrú aeráide amhail tuarascálacha Choiste Náisiúnta an Chórais Dhomhanda um Breathnóireacht Aeráide (a bhfuiltear ag súil leo sa dá bhliain atá romhainn) agus nuair is féidir, cuspóirí agus acmhainní monatóireachta hidriméadracha a ailíniú le cuspóirí athraithe aeráide. | OPW, EPA, údaráis áitiúla | 2021 agus go leanúnach |
| **1.B** | Trí athbhreithnithe ar an Réamh-Mheasúnú Riosca i gCás Tuilte agus léarscáileanna tuilte, bunaithe ar an taighde agus na réamh-mheastacháin is déanaí ar athrú aeráide, measúnú a dhéanamh ar an tionchar féideartha ar thuilte agus ar riosca tuilte ar fud na tíre. | OPW | 2024 agus go leanúnach |
| **1.C** | Athbhreithniú a dhéanamh ar an riosca tuilte, lena n-áirítear tionchar féideartha an athraithe aeráide, do limistéir arna n-ainmniú mar limistéir a bhféadfadh riosca tuilte suntasach a bheith ann. | OPW | 2020 agus go leanúnach |
| **1.D** | Trí athbhreithnithe ar an Réamh-Mheasúnú Riosca i gCás Tuilte, bunaithe ar an taighde agus na réamh-mheastacháin is déanaí ar athrú aeráide, measúnú a dhéanamh ar an riosca tuilte a d'fhéadfadh a bheith ann ó chórais draenála uisce stoirme uirbeacha agus ó bhonneagar a iompraíonn uisce. | Údaráis áitiúla, Uiscebhealaí Éireann, BSL, Uisce Éireann | 2024 agus go leanúnach |
| **1.E** | Cinnteoidh Oifig na nOibreacha Poiblí go mbeidh a hathbhreithniú sé bliana ar na Pleananna Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte bunaithe ar an taighde agus na réamh-mheastacháin is déanaí ar athrú aeráide ar thuilte agus riosca tuilte, agus áireofar leo bearta oiriúnaithe eile faoi stiúir na hearnála a bheidh á gcur chun feidhme faoin gCreat Náisiúnta Oiriúnaithe. | OPW, údaráis áitiúla, Uiscebhealaí Éireann, BSL agus Uisce Éireann | 2021 agus go leanúnach |
| **1.F** | Feabhas a chur, trí thaighde, ar an tuiscint ar thionchar féideartha an athraithe aeráide ar na paraiméadair aeráide ar féidir leo tionchar a imirt ar thuilte agus ar bhainistíocht riosca i gás tuilte. | EPA, Met Éireann, Uisce Éireann, Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann agus OPW | Ar bun |
| **1.G** | Foilsiú an Réamh-Mheasúnaithe Riosca i gCás Tuilte, a athbhreithníodh agus a nuashonraíodh, agus na léarscáileanna tuilte is déanaí le haghaidh cásanna reatha agus féideartha amach anseo. | OPW | 2019 agus go leanúnach |
| **1.H** | Leanfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí dá hacmhainneacht oiriúnaitheach a neartú agus oiriúnú a neadú tuilleadh i bpróisis oibre agus i gcinnteoireacht. | OPW | Ar bun |
| **1.I** | Leanfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí de bheith ag tacú le húdaráis áitiúla, lena n-áirítear trína líonra Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAROanna), agus earnálacha eile chun cabhrú le feasacht agus acmhainneacht a fhorbairt tuilleadh maidir le tionchar an athraithe aeráide ar riosca tuilte agus deiseanna oiriúnaithe féideartha faoi stiúir earnálacha eile. | OPW, Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide | Ar bun |

| Tag. | Gníomh | Freagrach[a] | Amlíne |
|---|---|---|---|
| **Cuspóir 2: Cleachtas bainistíochta riosca i gcás tuilte a oiriúnú chun tionchar féideartha an athraithe aeráide ar riosca tuilte amach anseo a bhainistiú go héifeachtach.** | | | |
| **2.A** | Measúnú ar bhearta oiriúnaithe cuí do na scéimeanna faoisimh tuilte sin atá ann cheana, áit a bhféadfadh tionchar a bheith ag athrú aeráide ar an gcaighdeán cosanta atá ann faoi láthair le himeacht ama. | OPW | 2027 |
| **2.B** | Áireofar leis an treoir d'fhorbairt na scéimeanna faoisimh tuilte mionsonraithe ceanglas maidir le plean oiriúnaithe scéime ina leagfar amach conas a cuireadh an t-athrú aeráide san áireamh le linn an dearaidh agus na tógála, agus cad iad na bearta oiriúnaithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil agus cathain, amach anseo. | OPW | 2019 agus go leanúnach |
| **2.C** | Ba cheart go gcuirfí an tionchar féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag athrú aeráide san áireamh i dtograí arna gcur isteach faoin gClár Mionoibreacha chun a áirithiú, nuair is féidir, go bhfuil aon bhearta a mholtar inoiriúnaithe d'athruithe a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. | Údaráis áitiúla | Ar bun |
| **2.D** | Déanfar athbhreithniú ar an méadú a d'fhéadfadh teacht ar dhamáistí tuilte mar chuid den anailís costais is tairbhe eacnamaíoch do scéimeanna faoisimh tuilte amach anseo. | OPW, an Roinn Caiteachais Phoiblí | 2021 |
| **2.E** | Athbhreithniú a fhorbairt ar an éifeachtacht cosanta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a chuirtear ar fáil i bpoirt na scéime draenála artairí atá ann cheana d'fhorbairtí uirbeacha. | OPW | Ar bun |
| **2.F** | An bunachar sonraí ar ócáidí tuile roimhe seo a chothabháil agus a nuashonrú ar bhonn leanúnach (www.floodinfo.ie). | OPW, údaráis áitiúla | Ar bun |
| **Cuspóir 3: Oiriúnú a ailíniú le tionchar an athraithe aeráide ar riosca tuilte agus bainistíocht riosca i gcás tuilte trasna earnálacha agus beartas Rialtais níos leithne.** | | | |
| **3.A** | A chinntiú go bhfaightear agus/nó go nginfear faisnéis maidir le féidearthacht tuilte amach anseo trí mheasúnú riosca tuilte a dhéanamh, measúnú a úsáidfear ansin chun eolas a thabhairt do riachtanais oiriúnaithe cuí laistigh de na próisis maidir le pleanáil agus bainistíocht forbartha i gcomhréir leis na Treoirlínte ar an gCóras Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte (2009). | RTRÁO, OPW, údaráis phleanála agus forbróirí | Ar bun |
| **3.B** | Leanfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí, i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha eile, de bheith ag cur lena heolas agus lena hacmhainneacht maidir le bearta coinneála uisce nádúrtha (NWRManna) agus déanfaidh sí measúnú ar chumas NWRManna mar chuid d'fhorbairt scéimeanna faoisimh tuilte amach anseo. | OPW agus páirtithe leasmhara eile i mbainistíocht abhantraí | Ar bun |
| **3.C** | Ba cheart go gcuirfí tionchar féideartha an athraithe aeráide amach anseo san áireamh agus sócmhainní na todhchaí á bpleanáil agus á ndearadh, agus ba cheart go mbeidís inoiriúnaithe dó. | Údaráis áitiúla, Uiscebhealaí Éireann, BSL, Uisce Éireann | Ar bun |
| **3.D** | Ba cheart go gcuirfí tionchar féideartha an athraithe aeráide amach anseo san áireamh sna ceanglais maidir le córais draenála uisce stoirme uirbeacha d'fhorbairt nua, lena n-áirítear úsáid córas draenála inbhuanaithe a mheas. | RTRÁO, údaráis áitiúla, Uisce Éireann | Ar bun |

| Tag. | Gníomh | Freagrach[a] | Amlíne |
|---|---|---|---|
| **3.E** | Dul chun cinn a dhéanamh ar bhunú na seirbhíse náisiúnta rabhaidh agus réamhaisnéise tuilte. | Met Éireann, OPW, RTRÁO, údaráis áitiúla | Ar bun |
| **3.F** | Taighde a fhorbairt maidir leis an gcaoi ar féidir athléimneacht pobail a chur chun cinn laistigh de réimse iomlán na bainistíochta éigeandála agus an ghné sin a fhorbairt tuilleadh mar chuid den athbhreithniú iomlán ar an gCreat le haghaidh Móréigeandálaí a Bhainistiú. | RTRÁO, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, an Roinn Cosanta, údaráis áitiúla | Ar bun |

Foinse: *Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte: Plean Earnála um Oiriúnú don Athrú Aeráide* (2019)

Nóta: a Acrainmneacha: EPA = an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil; BSL = Bord Soláthair an Leictreachais; RTRÁO = an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta; an Roinn Caiteachais Phoiblí = an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

## Iarscríbhinn 4C Struchtúr rialachais náisiúnta maidir le hoiriúnú don athrú aeráide: príomhróil agus príomhfhreagrachtaí

| Eintiteas | Príomhróil agus príomhfhreagrachtaí maidir le hoiriúnú |
|---|---|
| **An Coiste Stiúrtha Náisiúnta um Oiriúnú** | ▪ Bunaithe in 2014 faoin gCreat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide (2012).<br>▪ Tá an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide mar chathaoirleach air. De ghnáth bíonn cruinnithe ann idir trí go sé huaire sa bhliain.<br>▪ Áirítear leis na baill earnálacha a ullmhaíonn pleananna oiriúnúcháin faoin gCreat chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara eile (e.g. an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe), údaráis áitiúla, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Met Éireann).<br>▪ Tá sé d'aidhm aige cur chuige comhordaithe, cuimsitheach agus comhtháite a chinntiú maidir le cur chun feidhme gníomhartha um oiriúnú in Éirinn faoin gCreat.<br>▪ Cuireann sé cúnamh agus treoir ar fáil maidir le pleananna earnála agus áitiúla um oiriúnú a fhorbairt. |
| **An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide** | ▪ Bunaithe faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015.<br>▪ Comhlacht comhairleach neamhspleách. Déanann an Rialtas baill a cheapadh tar éis don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide iad a ainmniú.<br>▪ Bíonn cathaoirleach agus ar a laghad ochtar agus nach mó ná 13 ghnáthbhall i gceist, lena n-áirítear *ex officio*, Ard-Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, Stiúrthóir Teagasc agus Stiúrthóir Met Éireann.<br>▪ Tugann sí comhairle agus déanann sí moltaí d'Airí agus don Rialtas maidir le pleananna agus bearta maolaithe agus um oiriúnú don athrú aeráide agus maidir le comhlíonadh aon oibleagáide reatha atá ar an Stát faoi dhlí an Aontais Eorpaigh agus faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta.<br>▪ Bhunaigh sí Coiste um Oiriúnú in 2016 chun cúnamh agus comhairle a thabhairt maidir le hoiriúnú.[a]<br>▪ Tá údarás aici athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an bplean gníomhaíochta ar son na haeráide, an creat náisiúnta oiriúnaithe agus na pleananna earnála um oiriúnú is déanaí agus ar a gcur chun feidhme. |
| **An Bord Seachadta Gníomhaíochta ar son na hAeráide** | ▪ Bunaithe faoin bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019.<br>▪ Tá Roinn an Taoisigh agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide mar chomhchathaoirligh air.<br>▪ Áirítear leis na baill Ard-Rúnaithe as 12 roinn Rialtais.<br>▪ Cuireann sé treo straitéiseach agus ceannaireacht ar fáil, chun cur chun feidhme comhordaithe, tráthúil agus éifeachtach a chinntiú maidir le clár oibre an Rialtais um ghníomhú ar son na haeráide.<br>▪ Maoirsíonn agus tuairiscíonn sé don Rialtas ar an dul chun cinn a dhéantar maidir le cur chun feidhme na ngníomhartha atá sna Pleananna Gníomhaíochta ar son na hAeráide bliantúla.<br>▪ Déanann sé athbhreithniú ar phríomhthionscadail straitéiseacha agus réimsí oibre atá riachtanach chun cuspóirí aeráide an Rialtais a bhaint amach. |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Tugadh bonn reachtúil don Choiste Oiriúnaithe san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021.